# Turas chuig Ceolchoirm

Tá turas le pleanáil chun freastal ar cheolchoirm. I ngrúpaí, déanaigí liosta de na sonraí atá ag teastáil chun an plean a chur i gcrích. Mar shampla: láthair na ceolchoirme, fáil agus costas ar na ticéid, cúrsaí taistil, cúrsaí bia 7rl. Tógaigí sonra(í) ar leith an duine le fiosrú. An sprioc leis an tasc seo ná go mbeadh oraibh bhur gcuid pleananna a roinnt leis an rang i bhur rogha formáide.






# Ag dul ag campáil - Mapa den Oileán

Tá tú ag campáil ar an oileán seo le do chairde. Léifidh an múinteoir amach cuntas (thíos) faoin méid a dhéanann sibh agus a fheiceann sibh ar an oileán. I ngrúpaí, éistigí go cúramach agus leanaigí treoracha an mhúinteora. Cuirigí isteach lipéid san áit ina bhfuil na háiteanna sin ar an oileán. An sprioc atá romhaibh ná go mbeadh mapa den oileán agaibh leis na lipéid sna háiteanna cuí.







“Tagann sibh i dtír ag an g**cé** atá in iarthar an oileáin. Téann sibh go dtí an t-ionad campála. Tá **an t-ionad campála** suite i lár an oileáin. Tá ollmhargadh ag teastáil uaibh agus tá **an t-ollmhargadh** suite in oirthuaisceart an oileáin. San ollmhargadh, cloiseann sibh go bhfuil **seanchaisleán** in iarthuaisceart an oileáin. Tugann sibh cuairt ar an seanchaisleán. Díreach trasna ón gcé, ar an taobh eile den oileán, ar an gcósta, tá **ionad pobail** agus tugann sibh cuairt air tar éis daoibh an seanchaisleán a fheiceáil. Feiceann sibh fógra san ionad pobail faoi chluiche peile atá ar siúl ar **pháirc imeartha** an oileáin, suite i ndeisceart an oileáin isteach ón gcósta. Tar éis an chluiche a fheiceáil, tagann ocras oraibh agus tá **bialann** an-cháiliúil suite díreach in aice leis an bpáirc imeartha.”

# Mapa den Oileán le lipéid



# Mapa den Oileán




CC BY NC

# Cur Síos ar Chluiche Peile

Bhí cluiche peile ar siúl ag an deireadh seachtaine. Tá tú féin (Scoláire A) agus do chara (Scoláire B) i bhur dtacadóirí leis an bhfoireann chéanna a chaill an cluiche. Ní fhaca, nó níor chuala, do chara aon rud faoin gcluiche. An sprioc atá leis an gcomhrá seo ná go gcuireann tú do chara ar an eolas faoi gach rud a tharla sa chluiche.

1. Cuirfidh Scoláire A, Scoláire B ar an eolas faoin gcluiche peile.
2. Beidh ar Scoláire A cur síos cruinn a dhéanamh ar imeachtaí, mothúcháin agus toradh an chluiche.
3. Ní mór do Scoláire A cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr leis an gcluiche a mhíniú, ag roghnú an stór focal cuí. Mar shampla: téarmaíocht spóirt/sacair, ainmneacha na n-imreoirí, struchtúir ghramadaí, aimsir chaite 7rl. Féadfaidh Scoláire B ceisteanna a chur nó soiléiriú a lorg a threoróidh an t-idirghníomhú cainte.
4. Beidh eolas ag Scoláire B faoi gach a tharla sa chluiche ag deireadh an taisc.



# Díolachán Earraí sa Rang

Tá díolachán earraí do charthanais á eagrú ag an rang. Tá earraí tugtha daoibh agus ní mór iad a shórtáil. Scaipfear eolas faoi na hearraí ar na meáin shóisialta chomh maith. I ngrúpaí, pléigí an t-eolas ar mian libh a chur isteach sa chuntas scríofa a bheidh sa bhfógra. Mar shampla: cad é/í?; cruth; dath; cén aois é/í?; cén tomhas é/í?; cén aois a bhfuil sé/sí oiriúnach dó/di?; praghas 7rl. An sprioc atá leis an tasc seo ná fógraí (scríofa/físiúla nó ilmhódacha) a chumadh do na hearraí éagsúla le súil go ndíolfar iad.



















CC BY NC

# An tSeachtain seo inár Scoil

Gach seachtain, bíonn sé de chúram ar ghrúpa scoláirí físeán gearr a chruthú leis an nuacht is déanaí i bpobal na scoile. Oibrigí i ngrúpaí chun script a chur le chéile. Chuige sin, déanaigí taighde ar na himeachtaí a tharla le seachtain anuas agus atá le tarlú go luath. Mar shampla: cluichí, díospóireachtaí, comórtais, turais 7rl. Ansin, déanaigí an taifead nach leanfaidh thar dhá nóiméad. An sprioc atá leis an tasc ná an script don bhfíseán gearr a chruthú ar a tharla nó atá ar na bacáin i do scoil.








CC BY NC